Déine, a Chríosd, mo choimhéad

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 4]

Laethe na Seachtmhaine

1 Déine a Chríosd mo choimhéad
cur red chlú ní chuala
fam thaobh is tráth síodha
a chraobh go mbláth mbuadha!

2 A leinbh do bhí i mBeithle
bhíos ós chách id chodhnach
ná bí díom go diomdhach
bí dom dhíon sa Domhnach!

3 Dia Luain lá na coinne
cóir mo bhuain a baoghal
a rí tar fheirg [t'áladh]
bí ag seilg ar ar saoradh!

4 Dia Mairt a [mheic] ghrádha
nar ghabh guais re [n]gonaibh
gér gnáth gach rí [romhaibh]
bí tar chách im chobhair!

5 Fóir mo chás sa Chéad-aoin
ná ceil oram t'fhiorta
maith dún fhuil an ochta
cuir ar gcúl mo chionta.

6 Dardaoin a Dhé Athar
ní hoircheas ar n-éara
led dhíol as tuar tnúdha
bual ar ar síodh séala.

7 Bí ar mo thaobh a Thríonóid
ós tú tóir an taoibhe
cóir nach [oighbhe] uainne
fóir oirne san Aoine.

8 Dia Sathairn saor mise
mó an ghuaiseacht óm ghníomhaibh
ná hiarr cóir id chánaigh
dóigh riamh as na ríoghaibh.

9 Fóir me a Mhic an Athar
a aoin-Mhic as airde

dod ghuin go bhfáth feirge
ar chách ná cuir cairde. DÉINE